# IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908
# ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929
# UNIVERSITIES ACT, 1997

## OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

## REACHT CCCXLIII

## National University of Ireland, Galway/*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

## STATUTE CCCXLIII/*REACHT CCCXLIII*

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this thirtieth Day of October, Two Thousand and Fifteen./*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an an tríochadú lá seo do Dheireadh Fómhair lá seo, Dhá Mhíle agus a Cúig Déag.*

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:
*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:*

L.S.

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

**Schedule – STATUTE CCCXLIII/*Sceideal – REACHT CCCXLIII***

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway and in particular Statute CCLIV, Chapter I, as amended by Statute CCLXIII, Chapter II, by Statute CCLXXXIX, Chapter III, by Statute CCLXXXVIII, Chapter I, by Statute CCXCIII, Chapter III, by Statute CCCVII, Chapter V and by Statute CCCXVIII, Chapter IV shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh roimhe seo, agus go háirithe Reacht CCLIV, Caibidil I, arna leasú ag Reacht CCLXIII, Caibidil II, ag Reacht CCLXXXIX, Caibidil III, ag Reacht CCLXXXVIII, Caibidil I, ag Reacht CCXCIII, Caibidil III, ag Reacht CCCVII, Caibidil V agus ag Reacht CCCXVIII, Caibidil IV, a léamh agus a fhorléiriú leis na hathruithe, na breisithe agus modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

## CHAPTER I

## MEMBERSHIP OF THE ACADEMIC COUNCIL

1. The members of the Academic Council shall be:

(i) The President
(ii) The Registrar and Deputy-President
(iii) The Vice-Presidents
(iv) The Dean of each College
(v) The Dean of Graduate Studies
(vi) The Dean of International Affairs
(vii) The Established Professors
(viii) Any person, other than a Professor, who is the Head for the time being of an Academic Discipline or of a School as determined by Údarás na hOllscoile following consultation with the Academic Council
(ix) The Personal Professors
(x) The Lecturers who were members of the Academic Council holding office immediately before the coming into operation of Statute CCLIV
(xi) Five Senior Lecturers, elected by the Senior Lecturers
(xii) Ten Lecturers (above and below the bar) elected by the Lecturers (above and below the bar)
(xiii) The President and the Registrar of St. Angela's College, Sligo and one other member of the Academic Council of the said College nominated by the Academic Council of the said College
(xiv) The President of the Students' Union
(xv) The Vice-President/Education Officer of the Students' Union
(xvi) Five students, of whom three shall be undergraduate students and two shall be postgraduate students, elected by the students in a manner to be determined from time to time by the Academic Council, following consultation with the Students' Union
(xvii) The Librarian
(xviii) The Director of Information Solutions and Services
(xix) The Director of Adult Learning and Professional Development
(xx) The Director of the Centre for Excellence in Learning and Teaching
(xxi) The Director of Quality
(xxii) Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
(xxiii) Such Adjunct Professors as may be appointed from time to time as members by the Academic Council's Standing Committee in accordance with procedures approved from time to time by the Academic Council, provided that each such Adjunct Professor shall cease to be a member of the Academic Council when (s)he ceases to hold the title of Adjunct Professor
(xxiv) Such Senior Lecturers as may be coopted as members, in the event that any of the Senior Lecturers who are members by virtue of Paragraphs (x) of this Section ceases to be a member by virtue of that Paragraph or for any other reason, provided that the number of Senior Lecturers so co-opted, together with the Senior Lecturers who are members by virtue of that Paragraph, shall not exceed the number of Senior Lecturers who were members by virtue of that Paragraph on the date of the coming into operation of Statute CCLIV.

2. The members elected under Paragraph (xi) of Section 1 of this Chapter shall include at least three women and at least two men, subject to the candidates' including in each case at least three women and at least two men, respectively.

3. The members elected under Paragraph (xii) of Section 1 of this Chapter shall include at least six women and at least four men, subject to the candidates' including in each case at least six women and at least four men, respectively.

4. The members elected under Paragraph (xvi) of Section 1 of this Chapter shall include at least two women and at least two men, subject to the candidates' including in each case at least two women and at least two men, respectively.

5. Each member elected under Paragraphs (xi) and (xii) of Section I of this Chapter and any member coopted under Paragraph (xxiv) of the said Section shall hold office for four years.

6. A Senior Lecturer, Lecturer (above the bar) or Lecturer (below the bar) shall not be eligible for election under Paragraphs (xi) and (xii) respectively, of Section I of this Chapter as a member for a third consecutive term of office.

7. Each member elected under Paragraph (xvi) of Section I of this Chapter shall hold office for the duration of the academic year. A member elected to fill a casual vacancy occurring during the academic year shall hold office for the remainder of that academic year.

8. A Professor or Lecturer who was a member of the Academic Council holding office immediately before the coming into operation of Statute CCLIV may, by notice in writing to the Secretary of the Academic Council, relinquish his/her membership of the Council.

## CHAPTER II

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.

2. This Statute shall come into operation on the thirtieth Day of October, Two Thousand and Fifteen, and may be cited as Statute CCCXLIII, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCCXLIII, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common Seal of National
University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

**CAIBIDIL I**

**BALLRAÍOCHT NA COMHAIRLE ACADÚLA**

1. Is iad seo a leanas a bheidh ina gcomhaltaí den Chomhairle Acadúil:

(i) An tUachtarán
(ii) An Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid
(iii) Na Leas-Uachtaráin
(iv) Déanach gach Coláiste
(v) Déanach an Léinn Iarchéime
(vi) An Déanach um Ghnóthaí Idirnáisiúnta
(vii) Na hOllúna Bunaithe
(viii) Aon duine nach Ollamh é/í, a bhíonn de thuras na huaire ina C(h)eann ar Dhisciplín Acadúil nó ar Scoil de réir mar a chinnfidh Údarás na hOllscoile í sin tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gComhairle Acadúil
(ix) Na hOllúna Pearsanta
(x) Na Léachtóirí a bhí ina gcomhaltaí den Chomhairle Acadúil a bhí i seilbh oifige díreach roimh theacht i ngníomh do Reacht CCLIV
(xi) Cúigear Léachtóir Sinsearach, arna dtoghadh ag na Léachtóirí Sinsearacha
(xii) Deichniúr Léachtóir (os cionn agus faoi bhun an bhaic) arna dtoghadh ag na Léachtóirí (os cionn agus faoi bhun an bhaic)
(xiii) Uachtarán agus Meabhránaí Choláiste San Aingeal, Sligeach agus ball amháin eile de Chomhairle Acadúil an Choláiste sin arna (h)ainmniú ag Comhairle Acadúil an Choláiste sin
(xiv) Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn
(xv) Leas-Uachtarán/Oifigeach Oideachais Chomhaltas na Mac Léinn
(xvi) Cúigear mac léinn, ar mic léinn fochéime triúr díobh agus ar mic léinn iarchéime beirt díobh, arna dtoghadh ag na mic léinn ar mhodh a chinnfear ó am go céile ag an gComhairle Acadúil, tar éis dóibh dul i gcomhairle le Comhaltas na Mac Léinn
(xvii) An Leabharlannaí
(xviii) Stiúrthóir Réiteach agus Seirbhísí Faisnéise
(xix) Stiúrthóir na Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh
(xx) Stiúrthóir an Ionaid um Fheabhas sa bhFoghlaim agus sa Teagasc
(xxi) An Stiúrthóir Feabhais
(xxii) Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
(xxiii) Cibé Nasc-Ollúna a cheapfar ó am go chéile ina gcomhaltaí ag Coiste Seasta na Comhairle Acadúla de réir nósanna imeachta a cheadófar ó am go chéile ag an gComhairle Acadúil, ar choinníoll go stadfaidh gach Nasc-Ollamh díobh sin de bheith ina c(h)omhalta den Chomhairle Acadúil nuair a stadfaidh sé/sí de bheith i seilbh an teidil Nasc-Ollamh.
(xxiv) Cibé Léachtóirí Sinsearacha a chomhthoghfar ina gcomhaltaí, i gcás go stadfaidh éinne de na Léachtóirí Sinsearacha ar comhaltaí iad de bhua Mhír (x) den Alt seo de bheith ina c(h)omhalta de bhua na Míre sin nó ar aon chúis eile, ar choinníoll nach mó líon na Léachtóirí Sinsearacha a chomhthoghfar amhlaidh, mar aon leis na Léachtóirí Sinsearacha ar comhaltaí iad de bhua na Míre sin, ná líon na Léachtóirí Sinsearacha ar comhaltaí iad de bhua na Míre sin ar an dáta ar tháinig Reacht CCLIV i ngníomh.

2. Ar na comhaltaí a thoghfar faoi Mhír (xi) d'Alt 1 den Chaibidil seo, beidh triúr ban ar a laghad agus beirt fhear ar a laghad, faoi réir triúr ban ar a laghad agus beirt fhear ar a laghad, faoi seach, a bheith ina n-iarrthóirí.

3. Ar na comhaltaí a thoghfar faoi Mhír (xii) d'Alt 1 den Chaibidil seo, beidh seisear ban ar a laghad agus ceathrar fear ar a laghad, faoi réir seisear ban ar a laghad agus ceathrar fear ar a laghad, faoi seach, a bheith ina n-iarrthóirí.

4. Ar na comhaltaí a thoghfar faoi Mhír (xvi) d'Alt 1 den Chaibidil seo, beidh beirt bhan ar a laghad agus beirt fhear ar a laghad, faoi réir beirt bhan ar a laghad agus beirt fhear ar a laghad a bheith ina n-iarrthóirí.

5. Beidh gach comhalta a thoghfar faoi Mhíreanna (xi) agus (xii) d'Alt 1 den Chaibidil seo, agus aon chomhalta a chomhthoghfar faoi Alt (xxiv) den Alt sin, i seilbh oifige ar feadh ceithre bliana.

6. Ní bheidh Léachtóir Sinsearach ná Léachtóir (os cionn an bhaic) ná Léachtóir (faoi bhun an bhaic) i dteideal a t(h)ofa faoi Mhíreanna (xi) agus (xii) faoi seach, d'Alt 1 den Chaibidil seo ina c(h)omhalta don tríú téarma oifige as a chéile.

7. Beidh gach comhalta a thoghfar faoi Mhír (xvi) d'Alt 1 den Chaibidil seo i seilbh oifige i gcaitheamh na bliana acadúla. Beidh comhalta a thoghfar le corrfholúntas a tharlóidh i rith na bliana acadúla a líonadh i seilbh oifige i gcaitheamh a mbeidh fágtha den bhliain acadúil sin.

8. Féadfaidh aon Ollamh nó Léachtóir Sinsearach a bhí ina c(h)omhalta den Chomhairle Acadúil a bhí i seilbh oifige díreach roimh theacht i ngníomh do Reacht CCLIV éirí as bheith ina c(h)omhalta ach fógra dá réir a thabhairt i scríbhinn do Rúnaí na Comhairle Acadúla.

## CAIBIDIL II

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.

2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an tríochadú lá do Dheireadh Fómhair, Dhá Mhíle agus a Cúig Déag, agus féadfar Reacht CCCXLIII, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCCXLIII, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*